**Meitheal Forbartha — Cruinniú 13**
**Dé Máirt, an 14 Bealtaine 2025**
Cur Síos Gairid

| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
|---|---|
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí na gcruinnithe deiridh, agus nuashonruithe** | Rinneadh plé ar mhiontuairiscí an chruinnithe deiridh agus glacadh leo.<br><br>Cuireadh na baill ar an eolas go bhfuil tuarascáil chomhairliúcháin á cur le chéile, ag leagan béim ar na príomhcheisteanna atá le meas maidir leis an dréachtsonraíocht. |
| **Léargais ón gComhairliúchán dréachtsonraíochta do Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta** | Roinn an Feidhmeannas léargais luatha ón gcomhairliúchán poiblí agus bhí an deis ag na baill machnamh a dhéanamh ar na torthaí. Ba iad na príomhthéamaí ar díríodh orthu ná:<br>• Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht<br>• A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht<br>• Measúnú<br>• Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil |
| **Obair déanta ar an dréachtsonraíocht bunaithe ar aiseolas an chomhairliúcháin** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar an dréachtsonraíocht agus rinne siad plé ar na hathruithe molta a raibh aiseolas an chomhairliúcháin mar bhonn eolais fúthu. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an dul chun cinn a bhí déanta agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad maidir le forbairt na dréachtsonraíochta.<br><br>Rachaidh an tsonraíocht ar aghaidh go dtí Bord CNCM don tSraith Shinsearach le plé a dhéanamh uirthi agus ar aghaidh go Comhairle CNCM le faomhadh a dhéanamh uirthi. |